


# Cuir do thuairim in iúl maidir le gníomhú ar son na haeráide agus maidir le todhchaí na hEorpa – le “Peer Parliaments”!

Is é an tAontas Eorpach an príomhghníomhaí ar domhan sa troid i gcoinne an athraithe aeráide. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus an cuspóir chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, 55 % ar a laghad faoi 2030, tá sé mar aidhm ag an AE a bheith ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 – ach teastaíonn do chuid smaointe agus tuairimí!

Ní éireoidh le beartais aeráide na hEorpa sa todhchaí ach amháin má dhéanaimid iad a shaincheapadh do dhaoine agus i gcomhar le daoine. Mar chuid den Chomhshocrú Aeráide Eorpach, táimid ag tabhairt cuireadh duit teacht le chéile le do chairde, le do mhuintir, le do chomharsana nó le do chomhghleacaithe, agus do “Peer Parliament” féin a thionól chun príomhcheisteanna a phlé ó thaobh do shaol laethúil de.

Seo deis chun lucht déanta beartas na hEorpa a chur ar an eolas faoin gcineál todhchaí atá uait, agus chun do chuid smaointe a roinnt maidir le conas is féidir linn ár gcuspóirí uaillmhianacha, i ndáil leis an aeráid, a bhaint amach.

**Déan “Peer Parliament” a óstáil agus bí i do cheannródaí maidir le gníomhú ar son na haeráide i do phobal féin!**

Ní féidir a mheas gurb é atá sa doiciméad seo seasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh. Tabhair do d'aire go bhféadfadh an fhaisnéis atá sa doiciméad seo a bheith as dáta, ós rud é gur cruthaíodh í ar dtús in 2022.


Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

© An tAontas Eorpach, 2024

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

**PDF** ISBN 978-92-68-12325-6 doi:10.2834/813125 ML-02-24-099-GA-N




## Cad atá i gceist le "Peer Parliament"?

Baineann siad le daoine a thagann le chéile chun idirphlé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeiceann siad an t-aistriú go neodracht, ó thaobh aeráide de, ag feidhmiú ar bhonn praiticiúil. Tugtar cuireadh do na rannpháirtithe ansin a dtorthaí a sheoladh ar ais chugainn, agus cuirfear iad leis an bplé ar leibhéal AE.

Is bealach iad "Peer Parliaments" do dhaoine a dtuairimí a roinnt go díreach "ó bhord na cistine go dtí an Bhruiséil", cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra atá roimh ár sochaí, cinntí a dhéanamh atá trom agus cothrom, agus réitigh a fhorbairt le chéile.

## Cén fáth a mbeifeá i d'óstach do "Peer Parliaments"?

**Mar chuid den Chomhshocrú Aeráide Eorpach, tugaimid cuireadh do "Peer Parliaments" aghaidh a thabhairt ar cheann de na hábhair seo a leanas:**

**Conas a ghluaisimid agus conas a théimid ó áit go háit**

**Conas a dhéanaimid fuinneamh glas agus cothrom**

**Conas a ithimid agus conas a dhéanaimid rudaí a thomhailt**

**Chun "Peer Parliament" a óstáil, tabharfaidh tú grúpa de 5-10 nduine le chéile a bhfuil spéis acu san aeráid** – teaghlach, cairde, comhghleacaithe, comharsana – agus treoróidh tú an plé, ag baint úsáid as na hábhair tacaíochta atá ar fáil.

**Is fútsa atá sé conas agus cén áit a mbuaileann sibh le chéile!** Is féidir libh teacht le chéile i gcompord do sheomra suí, i bpáirc dheas nó ar líne. Is é an smaoineamh atá taobh thiar de ná am sultmhar a bheith agaibh agus bhur dtuairimí agus bhur smaointe á roinnt le chéile.

**Ag deireadh an phlé, déanann sibh vóta grúpa** maidir leis na réitigh is fearr libh, agus cuireann sibh na torthaí, mar aon le haon smaointe nua a d'fhéadfadh a bheith agaibh, faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

**Déanfar na torthaí comhcheangailte ó gach cearn den Eoraip** a roinnt agus a phlé le lucht déanta beartas agus le páirtithe leasmhara ar fud na hEorpa. Tá tábhacht le gach guth!

**Ar mhaith leat teacht ar a thuilleadh eolais faoi "Peer Parliaments"? Téigh chuig an suíomh gréasáin agus faigh amach conas is féidir leat a bheith i do cheannródaí maidir le gníomhú ar son na haeráide!**

## "Peer Parliaments" Céim ar chéim

**Is furasta "Peer Parliament" a óstáil. Níl le déanamh ach na céimeanna seo a leanas a leanúint:**

### 1 Cláraigh mar óstach

Mar óstach do "Peer Parliaments", tugann tú cuireadh do ghrúpa de 5-10 nduine a bhfuil spéis acu san aeráid, teacht le chéile ar bhonn neamhfhoirmiúil. Cuirimid **ábhair spraoi agus suimiúil ar fáil duit**.

Cláraigh anseo!

### 2 Reáchtáil "Peer Parliament"

Sula modhnaíonn tú "Peer Parliament", is féidir leat **na hábhair a leanas a íoslódáil**:

- **Lámhleabhar maidir le "conas é a dhéanamh"**
- **Eolas cúlra ar ábhar do phlé**

**Roinn** an t-ábhar le do chuid aíonna agus **modhnaigh** an díospóireacht.

### 3 Comhroinn do thorthaí

Tar éis na díospóireachta, vótálann tú ar na réitigh is fearr leat agus **roinnfidh tú torthaí do ghrúpa leis an gComhshocrú Aeráide Eorpach**. Pléifear do chuid vótaí agus smaointe le lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara na hEorpa.